Bunaíodh Raidió na dTreabh ar an 19 Aibreán 2016 nuair a reáchtáladh cruinniú poiblí ar ar fhreastail tuairim is fiche duine, idir chraoltóirí, pholaiteoirí, mhuintir na háite, mhic léinn agus iriseoirí. Ba í sprioc an ghrúpa stáisiún FM a fhorbairt a bheadh in ann sceideal iomlán a chur ar fáil do phobal Gaeilge na Gaillimhe.

Coicís ina dhiaidh sin, chuir foireann ceathrar tús leis an gcraoladh, le dhá phodchraoladh in aghaidh na seachtaine.  Anois agus an stáisiúin bliain ar an bhfód tá foireann tríocha duine ag craoladh dhá uair a chloig in aghaidh an lae, cúig lá sa tseachtain, agus tá na céadta daoine ó fud fad na tíre ag éisteacht leis na cláir atá á chur ar fáil ar líne.

Bhí an t-ádh linn dea-chaidreamh a chothú le FlirtFM, a thacaigh linn ón gcéad lá riamh agus a chuir stiúideo ar fáil cúpla uair in aghaidh na seachtaine, a lig dúinn tús a chur lenar gcraoladh. Tháinig fás sciobtha ar ár sceideal agus foireann áfach, agus cuireadh brú orainn feachtas FundIt a sheoladh le linn an tsamhraidh in 2016 le stiúideo dár gcuid féin a thógáil. Ní raibh sé ar a gcumas ag Flirt FM freastal ar líon na gclár agus craoltóirí a bhí ag obair linn. Thacaigh os cionn 200 duine ó gach cearn den domhan leis an bhfeachtas sluamhaoinithe, inar tiomsaíodh os cionn €8,000. Thóg muid stiúideo sealadach in Áras na nGael i lár na cathrach agus úsáideadh an chuid eile den airgead le bogearraí agus áiseanna craoltóireachta a cheannach don stáisiún.

Táimid thar a bheith bródúil as an bhfoireann láidir, ildánach atá bailithe le chéile againn le bliain anuas.  Tá idir láithreoirí aitheanta raidió agus teilifíse, cheoltóirí, scannánóirí, léiritheoirí, iriseoirí agus mhic léinn ag obair le chéile le cláir a chruthú ar ardchaighdeán, agus tá fás ag tíocht ar líon na n-oibrithe i gcónaí. Is fiú a lua freisin gur oibrithe deonacha iad na daoine seo ar fad, an coiste agus lucht bainistíochta ina measc. Tá obair ar siúl acu ar son Raidió na dTreabh toisc go gcreideann siad gur togra fiúntach atá ann agus toisc go n-aithníonn siad luach an stáisiúin dóibh féin go pearsanta agus ó thaobh forbairt pobail de.

Tá sé mar sprioc ag Raidió na dTreabh stáisiún pobail Gaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaillimhe, bunaithe ar mhúnla Raidió na Life, Raidió Fáilte nó Near FM. Chuige seo, feidhmíonn Raidió na dTreabh de réir rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann i láthair na huaire. Ba mhaith linn ardán a chruthú do ghlórtha spéisiúla na cathrach agus do chraoltóirí a bhfuil sainspéiseanna faoi leith acu, chomh maith le cúrsaí reatha agus nuacht áitiúil a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.  Is cathair ildánach agus ilchultúrtha í Gaillimh agus ba mhaith linn a scáth a léiriú sa réimse ábhar a bheidh á chraoladh againn.  Tá spéis againn freisin pobal Gaeilge a fhorbairt, ar bhealach fisiceach, le stáisiúin agus stiúideo a mbaileoidh craoltóirí agus cainteoirí le chéile ann, agus, ar bhealach níos leithne, ag cur seirbhíse faoi leith ar fáil do lucht éisteachta i nGaillimh agus níos faide i gcéin.

Tá súil againn deiseanna fostaíochta agus taithí oibre a chur ar fáil i gcathair na Gaillimhe. Tá naisc láidre againn le hAcadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus le Flirt FM, agus tá traenáil á thairiscint againn do chraoltóirí óga agus nua. Is taithí luachmhar é seo agus tá súil againn go mbeidh daoine óga le hardscileanna sa gcraoltóireacht spreagtha i dtreo gairmeacha sna meáin Ghaeilge mar thoradh air.

De réir an daonáirimh a rinneadh in 2011 os cionn 30,000 cainteoir Gaeilge sa chathair agus labhraíonn beagnach 10,000 acu sin an teanga ar bhonn laethúil. Tá ardú beag tagtha ar an

líon cainteoirí sin in 2016 ach ní bheidh briseadh síos iomlán cruinn ar fáil faoi seo go dtí mí na Samhna 2017.
Taobh amuigh den chathair féin, tá an Ghaeltacht is mó daonra (Daonáireamh 2016) agus is láidre (Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2007/15) ar leic an dorais. Anuas air sin, is iomaí cainteoir Gaeilge atá imithe ar imirce ón gcathair agus an ceantar máguaird agus creideann Raidió na dTreabh go gur féidir freastal orthu siúd a dteastaíonn cláir chúrsaí reatha agus cláir shiamsaíochta óna gcathair dhúchais trí chraoladh ar líne. Tá cathair na Gaillimhe anois ina Baile Seirbhíse Gaeltachta, agus tá súil againn go gcruthóidh an stáisiún ardán do ghnóthlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla a chuid seirbhísí a thairiscint agus a fhógairt trí mheán na Gaeilge.

Ó bronnadh stádas dátheangach ar chathair na Gaillimhe i Márta 2016, táimid den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh seirbhís áitiúil craoltóireachta ar fáil do mhuintir na cathrach.  Tá obair mhór ar siúl ag an gComhairle agus ag an eagraíocht Gaillimh le Gaeilge polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chuige sin.

Bronnfar stádas Phríomchathair Chultúir na hEorpa ar Ghaillimh sa bhliain 2020 agus tá ‘Teanga’ ar cheann de thrí phríomhthéamaí chlár na bliana sin. Cuirfidh Raidió na dTreabh go mór leis an mbliain thábhachtach seo do Ghaillimh.

Tá sé léirithe againn le bliain anuas go bhfuil spéis agus tóir ar an stáisiún seo. D’fhreastail os cionn daichead duine idir óg agus aosta, ar an gcruinniú deireanach eolais a reachtaíodh in Áras na nGael, agus bíonn na céadta ag éisteacht leis na cláir a bhíonn ar fáil ar líne chuile sheachtain.  Tuigeann gnóthlachtaí agus comhlachtaí anois gur féidir an t-ardán a úsáid le seirbhísí agus eile a fhógairt agus scéalta a scaipeadh agus bíonn glaonna rialta ar an oifig ag lorg tacaíochta, agallaimh agus am fógraíochta.

An phríomhfhadhb atá againn faoi láthair ná fás leanúnach atá ag tíocht ar an stáisiún, nach féidir linn tacú leis toisc easpa airgid agus áiseanna. Faoi láthair níl bainistíocht lánaimseartha ar fáil don stáisiún, agus ní bhíonn an stiúideo oscailte go rialta toisc nach féidir linn duine a fhostú le bheith i láthair i gcaitheamh na seachtaine.  Beidh sé seo soiléir ach go háirithe le linn an tsamhraidh anois, nach féidir linn ardchaighdeán agus líon na gclár a chur ar fáil mar a bhí le cúpla mí anuas gan tacaíocht breise agus bainistíocht lánaimseartha á dhéanamh ar an stáisiún.

Anuas air sin, beidh orainn uasdátaithe a dhéanamh ar an gcóras craoltóireachta atá in úsáid againn más mian linn cur leis an sceideal atá á chraoladh faoi láthair.  Tá sé mar aidhm againn ceadúnas FM a bhaint amach freisin, agus mar sin beidh orainn suíomh nua a aimsiú don stiúideo a bheidh feilteach agus a luífidh leis na coinníollacha atá ag an BAI do stáisiúin phobail FM.  Tá an stáisiún forbartha chomh fada agus gur féidir ag an bpointe seo gan breis airgid a thiomsú.

Creidimis gur áis iontach é an stáisiún do chathair dhátheangach na Gaillimhe, agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.  Is stáisiún faoi leith muid.  Ba mhaith linn díriú ar chathair na Gaillimhe agus ar spriocphobail faoi leith.  Is léir ón éagsúlacht atá le feiceáil ar an sceideal cheana féin go bhfuil cláir eiseamláireacha againn, mar shampla cúrsaí reatha dírithe ar dhaoine óga nó cláir shainspéise atá éagsúil ó rud ar bith eile atá á dhéanamh faoi láthair.  Toisc gur stáisiún pobail muid, is féidir linn díriú ar mhionphobail, sainspéiseanna agus

gnéithe eile den chultúr nua-aimseartha in Éirinn, rud nach féidir le stáisiún náisiúnta ginearálta déanamh, agus toisc gur stáisiún Gaillmheach muid is féidir linn díriú ar cheantar agus pobal faoi leith, trí mheán na Gaeilge, rud nach bhfuil ag an gcathair dhátheangach go dtí seo.

Feictear dúinn gur cheart an rogha a bheith ann do phobail Gaeilge fud fad an oileáin togra mar seo a fhorbairt, agus gur cheart tacú leo más féidir cruthú go bhfuil spéis agus foireann ann leis an togra a stiúradh agus a fhorbairt.  Anuraidh, nuair a bhí ár bhfeachtas sluamhaoinithe á reáchtáil againn, bhí dhá thogra Gaeilge eile i mbun feachtais cosúil leis, ag lorg maoinithe ón phobal d'imeachtaí agus tograí eile.  D'éirigh leis na trí ghrúpa, le tacaíocht ón bpobal amháin.  Creidimis go léiríonn sé sin go bhfuil na pobail, na hoibrithe agus an spéis ann ar an talamh, ach go bhfuil gá tacú leis an obair seo atá ar siúl ar son na Gaeilge.  Tá fás ag tíocht ar na pobail ghníomhacha, agus is ar scéimeanna maoinithe atá na grúpaí seo ag brath le forbairt agus a feabhas a chur orthu féin, ach tá na scéimeanna sin teoranta faoi láthair.

Le dul chun cinn a dhéanamh le Raidió na dTreabh, tá maoiniú á lorg againn ón Stát le bainisteoir lánaimseartha agus duine amháin eile páirtaimseartha a fhostú leis an stáisiún a rith, chomh maith leis an gcostas láthair mhaith a aimsiú agus stiúideo feilteach a thógáil don stáisiún ionas gur féidir linn ár sceideal a fhorbairt agus ár gcláir a scaipeadh ar FM i gceantar na Gaillimhe.

Táimid den tuairim agus tá sé léirithe againn le bliain anuas gur togra fiúntach é seo leis an iliomad buntáistí; do chathair na Gaillimhe agus í ina cathair dhátheangach agus Baile Seirbhíse Gaeltachta; do ghrúpaí agus eagraíochtaí ar mhaith leo ardán Gaeilge a úsáid lena gcuid seirbhísí a chur chun cinn; do chraoltóirí nua agus óga agus do na meáin Ghaeilge trí chéile toisc deiseanna á chur ar fáil againn, agus do lucht éisteachta na Gaillimhe agus ar fud fad an domhain a bhíonn ag éisteacht leis na cláir éagsúla a bhíonn á chur ar fáil againn.  Creidimid go láidir sa bpobal atá á chothú againn le Raidió na dTreabh agus ba mhór againn bhur gcuid tacaíochta an stáisiún agus an pobal seo a fhorbairt.